

Do Cheannairí Stáit agus Rialtais an AE, agus d'Uachtaráin na bhFundúireachtaí AE

Is minic a thagann deiseanna iontacha as mí-ádh. Tá sé soléir nach bhfuil aon dul as ag ceannairí polaitiúla na hEorpa ach roghanna deacra a thógáil de bharr na géarchéime eacnamaíochta domhanda atá ag bagairt faoi láthair; ina measc sin beidh roghanna faoi infheistiú san eolaíocht. Thiar sa bhliain 2000 chinn sibh féin agus bhur réamhtheachtaithe, spreagadh a thabhairt do thaighde i gcúrsaí eolaíochta ionas go mbeadh an Eoraip "ar an ngeilleagar eolasbhunaithe is fuinniúla ar domhan faoi 2010". Rún ardaidhmeannach, uasal a bhí ansin, agus is mór an trua nach bhfuil sé curtha i gcrích fós.

Is léir gur féidir le daoine úsáid a bhaint as an eolaíocht chun freagraí a fháil ar fhabhanna casta na linne seo; ina measc sin, conas is féidir teacht ar mhodhanna nua chun fuinneamh a smachtú, conas teacht ar mhodhanna déantúsaíochta nua agus ar tháirgiaí nua, agus conas is féidir eolas a fháil ar oibriú na sochaí agus conas é a fheabhsú. Tá tuiscint réabhlóideach bainte amach le gairid faoi oibriú chorp an dhuine agus tá súil againn go mbeidh torthaí thar na bearta ag teacht as an eolas sin chun biseach a chuir ar shláinte agus ar dhul in aois an chine dhaonna.

Tá an Eoraip chun tosaigh i gcuid mhaith réimsí eolaíochta. De bharr sin tá sé riachtanach dúinn an t-eolas nua a chlaohlú go táirgí, seirbhísí, agus tionscail nua ionas go mbeidh caighdeán maireachtála níos fearr ag gach uile dhuine san Eoraip i gcomparáid le daoine atá ina gcónaí i limistéir eile den domhan.

Ní aithníonn an eolaíocht teorainn ar bith agus bíonn géarchoimhlint idirnáisúnta leanúnach ar siúl trasna an domhain chun na taighdeoirí is fearr a mhealladh go tíortha áirithe. Dá bhrí sin tá sé thar a bheith tábhachtach do fhorbairt na hEorpa greim a choimead ar na scoláirí agus na teagascóirí is fearr atá againn faoi láthair, agus postanna a chur ar fáil do dhaoine éirimiúla eile atá ag obair i dtíortha i gcéin. Níl dabht ar bith ann go mbeidh cailliúint roinnt de na scoláirí is cumasaí atá againn mar thoradh ar aon ghearradh siar ar an tacaíocht atá ar fáil do chúrsaí taighde san Eoraip faoi láithir. Tá an chontúirt ann freisin go gcaillfimis glúin ar fad d'eolaithe éirimiúla díreach ag an bpointe go bhfuil siad chomh tábhachtach sin don mhaitheas poiblí.

Is rud dearfach é go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) ón uair a bunaíodh í cúig bliana ó shin. Cuireann sé deontais ar fáil do na taighdeoirí is fearr ó áit ar bith sa domhan ar an mbunchoinníoll amháin go bhfuil siad sásta a gcuid oibre a chur chun tosaigh san Eoraip. Daoine den scoth atá tofa do na deontais úd agus taighde den scoth atá i lámha ag gach duine díobh. Go bunúsach cómhlánaíonn an Chomhairle Eorpach um Thaighde na deontais atá ar fáil ó chistí naisiúnta chun taighde bunúsach a chothú.

Tá sé cruthaithe go dtugann infheistiú i dtaighde ar an leibhéal Eorpach spreagadh do dhaoine úsáid níos ciallmhaire a bhaint as na hacmhainní atá againn agus cháinaisnéis níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur le chéile. Tá na hacmhainní Eorpacha sin an- luachmar toisc go dtugann siad tairbhe faoi leith don eolaíocht Eorpach, go bhfeabhsaíonn siad caighdeán maireachtála ar fud na hEorpa, agus go dtugann siad seans níos fearr do Eorpaigh bheith éifeachtach sna margaí idirnáisiúnta.

Tá sé soléir dúinne go bhfuil flúirse scoláirí éirimiúla agus dearcadh Eorpach acu san Eoraip faoi láithir, agus táimid ar an aon tuairm gur ceart iad a chothú ar son mhaitheas na hEorpa. Tá súil againn freisin go bhfuil glór dá gcuid féin ag na scoláirí óga sin agus táimid ag moladh daoibhse éisteacht leo.

A cheannairí stáit agus a uachtaráin, beidh sibh ag teacht le chéile an 22-23 de mhí na Samhna chun socrú a dhéanamh ar cháinaisnéis don AE do na blianta 2014-2020. Tá ceist amháin againn oraibh agus ceist shimplí í; cén seasamh a bhéas ag eolaíocht i saol agus i bhforbairt na hEorpa sna blianta atá romhainn?

Sínithe,

Buaiteoirí an Dúis Nobel agus Buaiteoirí Boinn Fields.

SIDNEY ALTMAN, WERNER ARBER, ROBERT J. AUMANN, FRANCOISE BARRÉ-SINOSSI, GÜNTER BLOBEL, MARIO CAPECCHI, AARON CIECHANOVER, CLAUDE COHEN-TANNOUDJI, JOHANN DEISENHOFER, RICHARD R.ERNST, GERHART ERTL, SIR MARTIN EVANS, ALBERT FERT, ANDRE GEIM, SERGE HAROCHE, AVRAM HERSHKO, JULES A. HOFFMANN, ROALD HOFFMANN, ROBERT HUBER, SIR TIM HUNT, ERIC R. KANDEL, KLAUS VON KLITZING, SIR HAROLD KROTO, FINN KYDLAND, JEAN-MARIE LEHN, ERIC S. MASKIN, DALE T. MORTENSEN,

ERWIN NEHER, KONSTANTIN NOVOSELOV, SIR PAUL NURSE, CHRISTIANE
NÜSSLEIN-VOLHARD, VENKATRAMAN RAMAKRISHNAN, SIR RICHARD J.
ROBERTS, HEINRICH ROHRER, BERT SAKMANN, BENGT I. SAMUELSSON, JOHN
E. SULSTON, JACK W. SZOSTAK, SIR JOHN E. WALKER, ADA E. YONATH, ROLF
ZINKERNAGEL, HARALD ZUR HAUSEN; PIERRE DELIGNE, TIMOTHY GOWERS,
MAXIM KONTSEVICH, STANISLAV SMIRNOV, CEDRIC VILLANI